

Gaeilge

Rang a Cúig

Mr. Mc Evoy, Ms. O'Neill, Ms. Maloney

Hello everybody!

- You will find a selection of reading, writing, oral language and grammar exercises in this PowerPoint.
- For your Litriú, continue with the next two units in Fuaimeanna agus Focail.
- Check out the slide with useful links and resources to assist and extend your learning!

Happy learning 😊

Overview

See how you get on with the following topics! 😊

- Aimsir Chaite: Briathra Neamhrialta
- Réamhfhocail pearsanta: 'le' agus 'ag'
- Réamhfhocail: isteach, amach, amuigh, istigh.
- Réamhfhocail Shimplí: ar an, faoin, as an etc.
- Móthúchán: fearg, brón, imní etc.

Léigh an Scéal

12

Feisteas

Eisceamháirí

Ar dtús... Anois... An chéad duine eile ná...
Ar deireadh...

Tá ___ á chaitheamh ag ___.

An-fhaiseanta! Go hálainn ar fad!

Nach bhfuil sé / sí ___?

As ___ atá sé déanta.

Féach ar ___.

Mo chara Daithí

Seo é mo chara Daithí. Tá gruaig dhonn chatach air agus sùile donna aige. Is buachaill ard é. Is cuma le Daithí faoi chúrsaí faisín. De ghnáth, caitheann sé cultacha spóirt compordacha agus seanbhróga reatha. Bíonn aoihb mhór ar a aghaidh i gcónaí, ach amháin go moch ar maidin. Is fuath leis na maidineacha!



An sártaoch

Chonaic mé scannán sa phictiúrlann inné. Tháinig an carachtar Cailín Cliste go mór liom. Sártaoch ab ea í. Bhí sí cliste agus láidir. Bhí feisteas iontach uirthi. Chaith sí culaith dhearg agus clóca gorm clúdaithe le réaltaí óir geala. Bhí púicín dearg agus gorm ar a haghaidh. Bhí buataisi arda dubha á gcaitheamh aici freisin. Bhí cumhachtaí speisialta aici – radharc, éisteacht agus neart den scoth.

An fear grinn

Chuamar go dtí an sorcas ag an deireadh seachtaine. Bhí an fear grinn thar a bheith greannmhar. Bhí briste gearr le strioca oraiste air, léine gheal agus carbhat gorm le spotai buí. Bhí seaicéad fada le pócaí móra á chaitheamh aige freisin. Bhí gruaig rua chatach air agus aghaidh bhán le srón dhearg. Ar a cheann, bhí hata daite déanta as balúin. Bhí bróga ollmhóra air agus bhí an fhuaim ‘bip bip’ le cloisteáil nuair a shúil sé.



An tseanbhean ait

Oíche dhorcha a bhí ann. Bhí sé chomh ciúin le reilig. Bhí mé ag siúl abhaile i m'aonar. Go tobann, chonaic mé seanbhean ait ag bun an bhóthair. Bhí gruaig fhada chatach dhubh uirthi. Bhí gúna fada dubh á chaitheamh aici. Bhí a haghaidh chomh bán le sneachta agus bhí ciorcail dhorcha timpeall a súl. Thosaigh sí ag siúl i mo threo. Lig mé béic asam agus rith mé ar nós na gaoithe. Níor stop mé gur shroich mé an teach.

Freagair na Ceisteanna

1. Cén dath gruaige atá ar Dhaithi?
2. Cad a chaitheann Daithi de ghnáth?
3. Cad is ainm don sárloch sa téacs?
4. Cad a bhí a chaitheamh ag an sárloch?
5. Déan cur síos ar fheisteas an fhir ghrinn.
6. Cad a tharla nuair a shiúil an fear grinn?
7. Cén sórt oiche a bhí ann sa cheathrú téacs?
8. Déan cur síos ar an tseanbhean ait.
9. Meaitseáil na haidiachtaí seo leis na daoine sna téacsanna:
a. greannmhar b. scarúil c. cliste d. sona sásta



Aimsir Chaite – 11 Rebels

Abair, Beir, Bí, Clois

Cóitin sa Chistin

H. Briathra: An Aimsir Chaite - briathra neamhrialta.

Abair

Dúirt mé
Dúirt tú
Dúirt sé
Dúirt sí
Dúramar (sinn)
Dúirt sibh
Dúirt siad



Beir

Rug mé
Rug tú
Rug sé
Rug sí
Rugamar (sinn)
Rug sibh
Rug siad



Bí

Bhí mé
Bhí tú
Bhí sé
Bhí sí
Bhíomar (sinn)
Bhí sibh
Bhí siad



Clois

Chuala mé
Chuala tú
Chuala sé
Chuala sí
Chualamar (sinn)
Chuala sibh
Chuala siad



- _____ go raibh na borróga an-bhlasta ar fad. (abair, gach duine)
- _____ ar an deoch go tapa nuair a chonaic mé é ag titim. (beir, mé)
- Cheap Oisín go raibh Síofra sa ghairdín ach _____ sa chistin. (bí, sí)
- _____ go bhfuil fraocháin ghorma go maith duit. (clois, siad)
- _____ go raibh cuma uafásach gránna ar mo churaí. (abair, tú)
- D'itheamar dinnéar blasta nuair a _____ sa bhialann nua. (bí, sinn)
- _____ ar bhur mboscaí lóin ag dul amach ar maidin. (beir, sibh)
- _____ áthas ar Dhaid nuair a _____ an clár cócaireachta ag tosú. (bí, sé)



Scriobh cúlóg abairt ag baint úsáid as na briathra thuas.

Aimsir Chaite

11 Rebels, Ceisteanna

Abair Beir, Bí, Clois

An ndúirt?	Ar rug?	An raibh?	Ar chuala?
Dúirt / Ní dúirt.	Rug / Níor rug.	Bhí / Ní raibh.	Chuala / Níor chuala.



1. Ar chuala Oisín Tafai ag tafann?



2. An raibh pióg déanta ag Síofra?



3. _____ Daid go bhfuil cuma bhlasta ar an gcáca?

Dúirt.



4. _____

Níor rug. Rug Tafai ar na hispíní.

Liom, Leat Leis...

I. Gramadach: An farainm réamhfhoclach 'le'.



le

Ba mhaith le Siofra reoán a dhéanamh.

liom (mé)	leat (tú)	leis (sé)	lêi (sí)
Ba mhaith liom ris a dhéanamh.	Ar mhaith leat anraith a dhéanamh?	Ba mhaith leis borroga a dhéanamh.	Ba mhaith lêi pasta a dhéanamh.
linn (sinn)	libh (sibh)	leo (siad)	
Ba mhaith linn sicín rósta a dhéanamh.	Ar mhaith libh piotsa a dhéanamh?	Ba mhaith leo sceallóga a dhéanamh.	

1. Ba mhaith _____ curai agus ris le haghaidh an dinnéir anocht. (mé)
2. Ní maith _____ deochanna súilíneacha mar tá siad go dona duit. (sé)
3. Is aoibhinn _____ an bhialann éisc mar bíonn bradán álainn acu. (sinn)
4. An féidir _____ cabhrú le Mam chun an lón a ullmhú? (sibh)
5. I rith an tsamhraidh, is breá _____ fraocháin ghorma a phiocadh. (siad)
6. An féidir _____ na huibheacha agus an plúr a mheascadh le chéile? (tú)
7. Chuaigh Oisín _____ chun na comhábhair a cheannach. (Mamó)
8. Taitníonn bia sláintiúil go mór _____. (sí)



Scriobh cúig abairt ag baint úsáid as na réamhfhocail thuas.

Éist leis an scéal



<https://www.youtube.com/watch?v=Sn1mxujspEA>



Comhrá 1



Agallóir: Cén rang ina bhfuil tú?

Siofra: Tá mé i Rang a Cúig.

Agallóir: Inis dom faoi do scoil.

Siofra: Tá mé ag freastal ar Scoil Naomh Muire. Scoil an-mhór is ea í. Tá timpeall is cúig chéad dalta anseo.

Agallóir: An scoil mheasctha í?

Siofra: Is ea. Tá cailíní agus buachailli ag freastal uirthi.

Agallóir: Cá bhfuil an scoil suite?

Siofra: Tá an scoil suite sa chathair. Níl sí ach deich nóiméad ó mo theach.

Agallóir: Conas a théann tú ar scoil gach lá?

Siofra: De ghnáth, faighim siob sa charr ó Mham nó ó Dhaid.

Agallóir: An caitheann tú éide scoile?

Siofra: Caitheann. Caithim geansaí dearg, sciorta liath agus léine ghorm. Caithimid carbhat le strioca gorma agus oráiste, freisin.

Agallóir: Cén t-abhar scoile is fearr leat?

Siofra: Is maith liom ealain agus stair ach is é Béarla an t-abhar is fearr liom.



Léigh an Scéal

08 Scoileanna leis na blianta

Eiseamláirí

Tá mé ag freastal ar ____.

Scoil ____ is ea í.

Tá timpeall is ____ dalta i mo rang / sa scoil.

Tá an scoil suite ____.
Níl sé ach ____ nóiméad ó mo theach.

Conas a théann tú ar scoil gach lá?
Siúlaim / Téim ar an mbus /
Faighim siob sa charr ó ____.

An gcaitheann tú éide scoile?
Caitheann. / Ní chaitheann. Caithim ____.

Chuaigh mise ar scoil faoin tuath. Bhi an scoil an-bheag. Ní raibh ach trí rang ann. Bhi tine againn sa seomra ranga. Thug mé piosa adhmaid ar scoil liom go minic. Scriobh an múinteoir ar chlár dubh ag barr an tseomra. Shuigh gach duine i line ag féachaint air. Chaitheamar éide scoile simpli – briste agus geansai liath agus léine bhán le carbhat dubh. Shíuil mé ar scoil gach lá – níos mó ná míle ón teach.



Chuaigh mise ar scoil i mbaile mór. Bhi an scoil cuíosach mór. Bhi tríocha trí dalta i mo rang. Scoil Chaitliceach ab ea í. Ní raibh ach cailíní sa scoil. Sa seomra ranga, shuimomar inár mbeirteanna, ag féachaint ar an múinteoir. Bhi an t-adh linn mar bhi teilifís againn sa scoil. D'fhéachamar ar fhíseáin ó an go ham. Chaitheamar sciorta fada dearg, geansai dearg, blús bán agus carbhat dearg. De ghnáth, shíuil mé ar scoil mar ní raibh sí ach deich nóiméad ón teach.

Tá mise ag freastal ar scoil sa chathair. Is scoil an-mhór í. Tá os cionn cúig chéad dalta anseo. Scoil mheasctha is ea í, le cailíní agus buachaillí. Scoil Chaitliceach is ea í ach tá a lán scoileanna difriúla in Éirinn inniu. Tá mo chara ag freastal ar scoil Oideachas le Chéile. Ní chaitheann siad éide scoile ar chor ar bith. Tá go leor daoine ó thiortha eile ag freastal ar ar scoil. Suimid i ngrúpaí beaga sa seomra ranga agus siúlaim an múinteoir timpeall, ag cabhrú linn. Tá a lán áiseanna digiteacha againn, mar shampla clár bán idirghníomhach agus iPadanna. Faighim siob ar scoil sa charr ó Mham nó Daid gach lá.



Freagair na Ceisteanna

1. Cá ndeachaigh Daideo ar scoil?
2. Cé mhéad rang a bhí i scoil Dhaideo?
3. Conas a shuigh na daltaí i scoil Mham?
4. Conas a chuaigh Mam ar scoil, de ghnáth?
5. Cá bhfuil scoil Oisín suite?
6. Cén sórt scoile ina bhfuil cara Oisín?
7. Ainmnigh dhá áis dhúgiteacha i scoil Oisín.
8. Cad a dhéanann múinteoir Oisín sa seomra ranga?
9. Cad é an difríocht is mó idir scoil Dhaideo agus scoil Oisín, i do thuairim?



Ainmnigh cosúlacht amháin agus difríocht amháin idir do scoil agus scoil Oisín.

B. Fíor nó bréagach?



1. Bhí scoil Dhaideo cuíosach mór.
2. Thug Daideo píosa adhmaid ar scoil leis go minic.
3. Bhí timpeall is fiche dalta i rang Mham.
4. Chaith Mam sciorta dearg, geansaí dearg agus blús bán ar scoil.
5. Ní raibh ach buachaillí i scoil Oisín.
6. Scoil Oideachas le Chéile is ea scoil Oisín.
7. Siúlann Oisín ar scoil gach lá mar tá a scoil suite in aice lena theach.
8. Tá níos mó díseanna i scoil Oisín ná mar a bhí i scoil Dhaideo.



Aimsir Chaite – 11 Rebels

Déan, Faigh, Feic, ith

G. Briathra: An Aimsir Chaite – briathra neamhrialta.



Déan

Rinne mé

Rinne tú

Rinne sé

Rinne sí

Rinneamar (sinn)

Rinne sibh

Rinne siad



Faigh

Fuair mé

Fuair tú

Fuair sé

Fuair sí

Fuaireamar (sinn)

Fuair sibh

Fuair siad



Feic

Chonaic mé

Chonaic tú

Chonaic sé

Chonaic sí

Chonaiceamar (sinn)

Chonaic sibh

Chonaic siad



Ith

D'ith mé

D'ith tú

D'ith sé

D'ith sí

D'itheamar (sinn)

D'ith sibh

D'ith siad



1. _____ jab maith den seomra nua. (déan, an t-ailtire)
2. _____ an casúr agus na tairní agus chroch sí an pictiúr suas. (faigh, sí)
3. _____ an dinnéar amuigh mar bhí an ghrian ag taitneamh. (ith, sinn)
4. _____ an tógálaí ag obair go dian. (feic, siad)
5. Ar a sé a chlog, _____ an dinnéar. (déan, mé)
6. _____ adhmaid, tileanna agus sábh sa gharáiste aréir. (faigh, sibh)
7. Nuair a thug mé piosa cáca duit, nior _____ ach an reoán. (ith, tú)
8. _____ scannán iontach sa phictiúrlann inné. (feic, sé)



Scriobh cúlóg abairt ag baint úsáid as na briathra thuas.

Aimsir Chaite – 11 Rebels Ceisteanna

Déan, Faigh, Feic, Ith

An ndearna?

Rinne / Ni dhearna.

An bhfuair?

Fuair / Ni bhfuair.

An bhfaca?

Chonaic / Ni fhaca.

Ar ith?

D'ith / Nior ith.



1. Ar ndearna Síofra borrhóga blasta?



2. An bhfuair Daid casúr sa bhosca?



3. _____ Mam Oisín agus iompar adhmad trom?

Ní fhaca.



4. _____

Níor ith an tógálaí a chuid ceapairí. D'ith Tafaí iad.

Agam, agat, aige, aici...

I. Gramadach: An forainm réamhfhoclach 'ag'



ag

Bhí tine **ag** Daideo sa seomra ranga.

agam (mé)

Tá éide scoile nua
agam.

agat (tú)

Bhí corpoideachas
agat inné.

aige (sé)

Tá dhá mhadra
aige.

aici (sí)

Nil aon suim **aici**
sa cheol.

againn (sinn)

Bhí cead **againn** dul
go dtí an oifig.

agaibh (sibh)

Go raibh maith
agaibh.

acu (siad)

Nil a fhios **acu** cén
t-am a bheidh an
lón **acu**.

1. Tá carbhat le strioca gorma agus oraiste _____. (mé)
2. Tá clár bán agus iPadanna nua _____. (Rang a Cúig)
3. An mbeidh corpoideachas _____ amárach? (sibh)
4. Tá Ruairí ag freastal ar scoil Oideachas le Chéile. Nil aon éide scoile _____. (sé)
5. 'Go raibh maith _____,' arsa an múinteoir. (tú)
6. Bhí Siofra i dtrioblóid mar ní raibh cead _____ a bheith ag ithe. (sí)
7. Tá a fhios _____ go mbíonn corpoideachas _____ Dé Máirt. (siad) (siad)
8. Tá suim _____ san ealain. (sinn)



Scriobh cúig abairt ag baint úsáid as na réamhfhocail thuas.

Comhrá 2



Agallóir: A Sheáin, cad iad na héadaí a chaitheann tú de ghnáth?

Seán: Caithim t-léinte clóite, bristi géine agus bróga reatha faiseanta de ghnáth. Is maith liom éadaí atá seolta agus compordach.

Agallóir: Cad fútsa, a Shiofra?

Siofra: Caithim luiteoga clóite agus t-léinte geala de ghnáth. Is breá liom bróga. Caithim cuaráin sa samhradh agus buataisi sa gheimhreadh. Ní oireann gúnaí dom. Is fearr liom éadaí neamhfhoirmiúla.

Agallóir: Agus tusa, a Magda, cad iad na héadaí a chaitheann tusa de ghnáth?

Magda: Is aoibhinn liom éadaí gleoite faiseanta. Caithim éadaí de gach sórt. Tá suim agam i gcúrsaí faisín.

Bim i gcónaí ag léamh irisí faisín.

Agallóir: Agus tú féin, a Dhaithí, inis dúinn faoi do chuid éadaí.

Daithí: Is cuma liom faoi chúrsaí faisín. De ghnáth, caithim éadaí spóirt mar tá siad compordach. Is maith liom geansaíthe spóirt agus cultacha spóirt.



Líon na Bearnaí

A. Briathra: An Aimsir Chaite.

Bricfeasta Oisín

tóg

measc

cuir

tit

rtch

dáistigh

éirigh

oscail

bt

clós



Maidin inné, _____ Oisín go luath. Shocraigh sé bricfeasta blasta a dhéanamh. _____ sé plúr, siúcra agus uibheacha le chéile. _____ sé an meascán san oigheann agus lig sé a scith sa seomra cluichí. Cad é a tharla ansin ach gur _____ sé ina chodladh!

_____ sé de phreab nuair a _____ sé an t-alarán dóiteáin ag bualadh. _____ sé isteach sa chistin ar luas lasrach. Rith Mam agus Daid isteach freisin. _____ an seomra lán de dheatach. _____ Daid an meascán dóite as an oigheann agus _____ Mam na fuinneoga go léir.

Bhí cuma chrosta ar Mham agus ar Dhaid. Bhí cuma bhrónach ar Oisín bocht. Agus bhí cuma uafásach ar an mbricfeasta scriosta.



Scriobh do scéal féin ag baint úsáid as cuid de na briathra thuas.

Aimsir Chaite – 11 Rebels

Tabhair, Tar, Téigh

G. Briathra: An Aimsir Chaite - briathra neamhrialta.



Tabhair

Thug mé
Thug tú
Thug sé
Thug sí
Thugamar (sinn)
Thug sibh
Thug siad



Tar

Tháinig mé
Tháinig tú
Tháinig sé
Tháinig sí
Tháingamar (sinn)
Tháinig sibh
Tháinig siad



Téigh

Chualgh mé
Chualgh tú
Chualgh sé
Chualgh sí
Chuamar (sinn)
Chualgh sibh
Chualgh siad



1. Oíche Shamhna, _____ ó theach go teach. (téigh, sinn)
2. _____ bindealán dom nuair a thit mé sa chlós. (tabhair, tú)
3. Nuair a ghlaoiigh Mam ar an mbriogáid dóiteáin, _____ láithreach. (tar, siad)
4. Nuair a bhris mé mo lámh, _____ go dtí an t-ospidéal. (téigh, mé)
5. _____ an iomarca mílseán do na páistí. (tabhair, sibh)
6. _____ abhaile ar a leathuair tar éis a sé. (tar, sí)
7. _____ go dtí an siopa chun torthaí a cheannach. (téigh, sé)
8. _____ a sheoladh nua dom. (tabhair, mo chara)



Scriobh cóg abairt ag baint úsáid as na briathra thuas.

Aimsir Chaite – 11 Rebels Ceisteanna

Déan, Faigh, Feic, Ith

Ar thug?
Thug / Níor thug.

Ar tháinig?
Tháinig / Níor tháinig.

An ndeachaigh?
Chuaigh / Ní dheachaigh.



1. An ndeachaigh an bhriogáid dóiteáin go dtí an timpiste bhóthair?



2. Ar thug Oisín cúpla míleán do Thafai?



3. _____ na páistí ó theach go teach?
Chuaigh.




4. _____
Tháinig an dochtúir.

Mothúcán



Bhi **eagla** ar Sheán ag barr an rotha.



1. Bhi _____ ar Sheán nuair a d'ith Oisín an píosa deireanach den mharóg.
2. Bhi _____ ar Shiofra nuair a fuair sí seodra alainn.
3. Bhi _____ ar Oisín tar éis lá fada a chaitheamh ag an margadh.
4. Bhi _____ ar Mham nuair a dúirt Dáid go raibh Tafaí tinn.
5. Bhi _____ ar na páistí ag féachaint ar na maisiúcháin áille.
6. Bhi Seán ag crith ar an gclár is airde mar bhi _____ air roimh airde.
7. Tháinig _____ ar Shiofra mar dúirt Seán go raibh sí ag insint bréag.
8. Chuaigh na páistí a chodladh mar bhi _____ orthu go léir.



Scriobh cúig abairt ag baint úsáid as na mothúcháin thuas.

Ar an, faoin, sa, thar an...

H. Gramadach: Réamhfhocail

ar an



ar an mbrice

faoin



faoin mbrice

thar an



thar an mbrice

in aice leis an



in aice leis an mbrice

sa



sa bhrice

- Tá cathaoir _____
_____ (fuirneog)
- Tá bord beag _____ (fuirneog)
- Tá póstaer _____ (cófra)
- Tá Lóla ina codladh _____
(cathaoir)
- Tá Tafaí ag pleidhciócht _____
(bosca)



ag barr



ag bun



ar chúil



os comhair



an tí

an staighre

an dréimire

na scoile



1. Tá bóthar mór nua



3. Thóg siad halla nua



2. Sheas an tógálaí



4. D'fhan Lóla _____
_____ go dtí
gur tháinig Síofra anuas.



Scriobh cúig abairt ag baint úsáid as na réamhfhocail 'faoin', 'thar an', 'in aice leis an', 'ar chúil' agus 'os comhair'.

Isteach, Istigh, Amach, Amuigh



Tá Lóla ag siúl **isteach**.



Tá Tafai ag rith **amach**.



Tá Lóla **istigh** anois.



Tá Tafai **amuigh** anois.

1. D'fhan na páistí _____ sa ghairdín an lá ar fad.
2. An bhfuil aon duine _____ sa teach?
3. Rith Síofra _____ sa chaire nuair a thosaigh sé ag stealladh báistí.
4. Rith an teaghlach _____ as an teach go tapa nuair a chuaigh an chistin trí thine.
5. Bionn ar na páistí sui _____ sa seomra ranga ag am lóin ar lá flúch.
6. Bhi Seán ag dul _____ an doras nuair a chuala sé an fón ag bualadh.



Scriobh cúig abairt ag baint úsáid as na focail 'amach', 'amuigh', 'isteach' agus 'istigh'.

Useful Links and Resources

- English/Irish dictionary:

<https://www.focloir.ie/>

- Ten minutes of exercise as Gaeilge

<https://rtejr.rte.ie/10at10/>

- Colaiste Lurgan songs

<https://www.youtube.com/channel/UCcfSiyJgWUOxfhISWry-SmQ>

- Cartoons as Gaeilge

<https://www.cula4.com/ga/>